## Nuachtlitir Feabhra 2013

Fáilte go dtí Nuachtlitir Futa Fata.

### Dainín!

**Tá riméad an domhain orainn a fhógairt go bhfuil sraith álainn nua á foilsiú againn an mhí seo. Bunsraith nua cairtleabhar atá ann atá oiriúnach do naíonáin agus páistí réamhscoile. Sa chéad leabhar tá a teidí beag caillte ag** Dainín **agus sa darna leabhar tá Dainín ag cloisteáil go leor torann nua! Is é Tadhg Mac Dhonnagáin a scríobh agus Steve Simpson a mhaisigh na leabhair áille seo.**







### Dragún Fraincíse!

**Cuireadh tús maith le 2013 nuair a fuair muid amach go bhfuil an-tóir ag na Francaigh ar dragúin! Sea, a chairde tá an comhlacht foilseacháin Hachette i bPáras na Fraince chomh tógtha lenár Dragún beag go bhfuil siad chun an leabhar a fhoilsiú sa Fhrainc i mí Aibreáin.Seo é an chéad leabhar linn a bheith aistrithe go Fraincís agus nous sommes trés heureux! (tá muid fíorshásta!) Os ag caint ar dhíolacháin idirnaisiúnta, leandáil na leagan Sínise de *Cócó an Colgán Cairdiúil, Ní mise a rinne é, Cáca don Rí agus An Coileach Codlatach* san oifig an tseachtain seo! Comhghairdeas le maisitheoirí agus udáir na leabhar sin.**

## Leabharlann Idirnaisiúnta an Laureate ar Camchuairt an Iarthair!



**Bígí ag faire amach don taispeántas iontach seo de leabhair idirnaisiúnta atá eagraithe ag oifig Laureate na nÓg. Sracfhéachaint trí leabhair ó chultúir eagsúla ar fud an domhain at á i gceist leis an taispeántas seo atá ar camhchuairt cósta Iarthair na tíre faoi láthair. Bhí údar Futa Fata, Patricia Forde, i láthair nuair a shroich an taispeántas Scoil Íde i mBóthar na Trá, Gaillimh le deireanaí. Bhain Patricia fíorthaitneamh as bheith ag plé scéalta, leabhair agus scríbhneoireacht le páistí rang a sé na scoile. Ag deireadh na míosa seo tabharfar an taispeantas go Scoil Eoin Pól, Inis Mór, Árainn.**




## Ceardlann le Acair

**D'éirigh tharr barr leis an darna seisiún den cheardlann a reachtáladh do scríbhneoirí Futa Fata agus Acair comhlacht a fhoilsíonn i nGàidhlig na hAlban. Tháinig na rannpháirithe le chéile I nDún Éideann an géabh seo, áit a rinne siad a thuilleadh forbartha ar a gcuid smaointe. Tá an dá chomhlacht fíorbhuíoch don Chiste Colmcille a chur maoiniú ar fáil don tógra seo. Le cúnamh Dé beidh toradh na hoibre le feiceáil go luath i bhfoirm foilseacháin nua! Tabharfaidh Acair aghaidh ar Aonach Leabhar na bPáistí i mBologna na hIodáile i dteannta Futa Fata go luath. Seo é an chéad uair ag Acair aghaidh a thabhairt ar an aonach agus tá muid ag súil go mór le bualadh leo arís thall agus tuilleadh smaointe agus pleananna comhoibrithe a phlé.**

---

**** Leagan Béarla Thíos ****

---

## Dainín!




**Drumroll please! We are delighted to introduce our newest character to the Futa Fata block! Dainín is a gorgeous new original board book series suitable for pre-schoolers! The first two books of the series sees Dainín searching for his lost teddy and discovering new sounds!This delightful new series was written by Tadhg Mac Dhonnagáin and illustrated by Steve Simpson.The books will be in shops nationwide Feb 18th! Keep an eye out for the**

cute little tiger, Dainín!




## French Dragon!

**We know the French are dog lovers but did you know they also have a penchant for dragons? They love dragons so much that [Hachette](), the Paris based publishers have bought our very own Mise agus an Dragún and will publish it in French this April! We are thrilled!**

**While we're on the subject of foreign rights deals, the Chinese editions of *Cócó an Colgán Cairdiúil, Ní mise a rinne é, Cáca don Rí and An Coileach Codlatach* arrived into the office last week! We couldn't be happier! Congratulations to all the authors and illustrators involved!**

## Laureate International Library (LIL)

**The LIL is currently on a tour or the Western Sea Front! The brainchild of Ireland's first Laureate, Siobhán Parkinson, this library aims to share world cultures through books with the children of Ireland. The library contains a vast amount of books from different countries in many different languages. The library recently arrived in Scoil Íde where it will be on display until the end of February before moving on to Scoil Eoin Pól, Inis Mór. Futa Fata author, Patricia Forde visited the library in Scoil Íde where she had a great time meeting with sixth class students.**






## Workshop with Acair

**The second part of the writer's workshop with our Scottish friends, Acair, took place recently in Edinburgh. Writers from both publishing houses again came together to further discuss and develop ideas.The workshop was deemed a huge success, thanks in no small part to the support of the Colmcille Fund, without which this project would not have been possible. This year Acair will join Futa Fata for the first time at the Bologna Children's Book Fair.**

Futa Fata
An Spidéal
Co. na Gaillimhe

Teil:091-504612
R-Poist: eolas@futafata.ie
www.futafata.ie

*Suíomh Gaeilge is fearr*
*Irish Web Awards 2012*

*Ceart ar cosaint © 2012 All rights reserved*
*Distributors/Dáilitheoirí: Gill & Macmillan/ IES/ Argosy/ Book Nest*

Faigheann Futa Fata tacaíocht leanúnach ó Chlár na Leabhar, Foras na Gaeilge ; ón gComhairle Ealaíon, dá chlár foilsitheoireachta do pháistí ; ó COGG, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, dá bhfoilseacháin oideachasúla agus ó thráth go chéile, ó Ealaín na Gaeltachta do thograí éagsúla ealaíne.